snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

## STRUCHTÚR NA HABAIRTE

# AG CUR FOCAIL IN ORD


### Aidhm

Tá an cluiche seo oiriúnach do na bunranganna. Beidh na foghlaimeoirí ag obair le chéile ag cur focail in ord chun abairtí cruinne a chumadh. Is féidir an cluiche seo a eagrú ag úsáid cártaí/páipéar nó is féidir leagan leictreonach a dhearadh ag baint úsáide as uirlis mar *Wordwall* ar líne.

### Treoir

Roghnaigh struchtúr atá curtha i láthair na bhfoghlaimeoirí agus atá le cleachtadh. Sampla: ‘Tá mé i mo chónaí i gCorcaigh’. Cuir míreanna éagsúla na habairte i mboscaí beaga ar bhileog agus gearr suas na boscaí. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, dáil na boscaí éagsúla ar na grúpaí agus cuir ag obair lena chéile iad chun na boscaí a chur in ord.

### Sampla




Léiríonn na samplaí ar chlé leagan leictreonach den chluiche a cruthaíodh ag baint úsáide as Wordwall. Cliceálann na foghlaimeoirí na focail chun iad a tharraingt san ord ceart.

### Forbairt / Nótaí

Is féidir an cluiche seo a chur in oiriúint d’ardranganna ag díriú ar struchtúir a chothaíonn deacrachtaí do na foghlaimeoirí.
Sampla: ‘Taitníonn peil liom’ / ‘Taitníonn galf léi’ srl.
Is féidir cártaí a dhearadh a chuireann na botúin san áireamh agus caithfidh na foghlaimeoirí an leagan ceart a roghnú.
Sampla: ‘Taitníonn + peil + mé + liom’ / ‘Taitníonn + í + sacar + léi + sí’.